TIONSCNAMH DHÚN LAOGHAIRE UM DHÍDEANAITHE

DÚN LAOGHAIRE REFUGEE PROJECT

OCHTÚ TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR GHNÍOMAÍOCTAÍ - 2009

Corpraithe faoin Acht Carthanas 1973
Uimhir Chánach CHY14507
Formheasta mar "charthanacht údaraithe" um dhíolúine chánach ar dheonacháin faoi Acht Comhdhlúthaithe Cánach 1997

ríomhphost:dunlaoghairerefugee@ireland.com & http://www.drp.ie
Seoladh Cláraithe: 45A An Pháirc Theas, Baile Átha Cliath

Innéacs

1. Cúlra

2. Cláir agus Imeachtaí

2.1. Oideachas agus Traenáil
2.2. Láthair "Buail Isteach" i nDún Laoghaire
2.3. Tacú le Leasa Sóisialta
2.4. Cúrsaí Dlí
2.5. Cómoradh Lá Domhanda na nDídeanaithe i nDún Laoghaire
2.6. Beartais an Stáit maidir le Tearmann
2.7. Cúrsaí Riaracháin TDD, Gníomhas Iontaobhais agus Bunreacht, Cóid Iompair
2.8. Cúrsaí Airgid agus Cruinniú Airgid
2.9. Clár Bliantúil agus Buiséad le haghaidh 2010

3. Admhálacha

Aguisín – Ballraíocht Iontaobhas & Chomhaltas Thionscnamh Dhún Laoghaire um Dhídeanaithe ar an 30/12/2009.

1. Cúlra

Téann Tionscnamh Dhún Laoghaire um Dhídeanaithe - TDD -siar go dtí mí an Mheithimh 2001, nuair a tháinig baicle bheag de dhaoine le chéile i nDún Laoghaire agus gur bheartaíodar ar Iontaobhas TDD a bhunú. Is éard ba chás leis na daoine sin, na hiarrthóirí tearmainn ar tugadh cóir lóistín dóibh i dtithe iostais i nDún Laoghaire ag an am sin. Ba pháistí cuid mhaith acu, páistí gan tionlacan agus iad scartha óna dtuismitheoirí. Is éard a chuir TDD roimhe, cairdeas agus cúnamh a thairiscint do na hiarrthóirí tearmainn sin. Dúnadh an teach iostais deireanach inár gceantar in Aibreán 2006. Ach níor lúide sin ár ndícheall cuidithe a thabhairt do na hógánaigh ar chuir muid aithne orthu sna tithe iostais roimhe sin, agus do núíosaigh den tsamhail chéanna, freisin. Ba Afracaigh óga a bhformhór siud, scaipthe i lóistíní ar fud mhór-cheantar Átha Cliath. Is ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Stádas Dídeanaithe, coinbhinsiún a dhaingnigh Éire breis is caoga bliain ó shin, atá éileamh na ndaoine óga siúd ar thearmann bunaithe

Níl aon stad ar theacht na n-iarrthóirí tearmainn go hÉirinn i gcónaí – agus san áireamh páistí gan tionlacan –agus iad ag éalú ó thíortha atá gan riail gan reacht mar a ndéantar na cearta daonna a shárú go coitianta. San iomlán, rinneadh 2,689 iarratas ar thearmann in Éirinn i 2009 – i gcomórtas le 3,807 sa bhliain 2008. Tá breis eolais ar fáil ar shuíomh gréasáin Oifig an Choimisnéara do Dhídeanaithe - "www.orac.ie".

Ní miste a mheabhrú go bhfoilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo – an t-ochtú den tsamhail – le haghaidh na bliana 2009, nuair atá cúrsaí eacnamaíochta na tíre in anchaoi. Tá an cúlú eacnamaíoch ag cur isteach ar ár gcairde óga ar chéad bealach, ach go háirithe tráth a bhíonn siad ar tóir oibre nó ag iarraidh post a choinneáil. Maidir le TDD féin, is í an deacracht is mó atá ann, airgead a chruinniú ón bpobal. Maidir le gnó an Tionscnaimh (TDD), is oibrithe gan tuarastal ("saorálaithe") iad lucht na foirne uile: níl aon phearsanra fostaithe ar phá againn agus ní thógann TDD aon spás oifige ar cíos. Is beag airgead ar fad a chaitheann muid ar chúrsaí riaracháin. Riarachán "gan oifig" is é ár mana, ach bíonn muid ar ár mbionda riarachán éifeachtach a chínntiú, ar a shon sin.

2. Cláir agus Imeachtaí

2.1. Oideachas agus Traenáil – i gColáistí Tríú Leibhéil de chuid na gCoistí Gairmoideachais, go háirithe, i nDún Laoghaire agus i mBaile Átha Cliath: Costas Taistil Phoiblí do Mhic Léinn

I gcaitheamh na bliana 2009, chuidigh TDD le 41 mac léinn agus iad ag clárú nó ag dul ar aghaidh i gcúrsaí oideachais tríú leibhéil. Tá laghdú beag ann le hais na bliana roimhe sin (2008), nuair a bhí 47 mac léinn sa chomhaireamh ceann. Maidir le bunáite na mac léinn óg seo – ógánaigh fhir agus mhná agus iad idir 19 agus 24 bliain d'aois – is sna coláistí gairmoideachais a bhí siad cláraithe, agus lena chois sin, macaomh fir amháin ag athdhéanamh bliana agus ceathrar eile ag freastal ar chúrsaí ollscoile.

Cuirtear tús leis na cúrsaí staidéir sin nuair a thosaíonn an bhliain acadúil san Fhómhar agus is cúrsaí iad a bhfuil claonadh praiticiúil ag dul leo go léir, i dtreo is go gcáileofar na mic léinn le haghaidh gairme beatha. Áirítear ansin: staidéir bhanaltra, feighlíocht pháistí, teicneolaíocht saotharlainne mhíochaine, innilteóireacht mheicniúil, staidéir ghnó, teicneolaíocht ríomhaire agus cuntasóireacht. Bíonn cuid acu ag freastal ar chúrsaí lánaimseartha sa ló agus cuid eile, freisin, ar chúrsaí dioplóma san oíche, arae bíonn ar na daoine óga, a bhain cead cónaithe amach (mar dhídeanaithe nó ar bhonn daoncháirdiúil), a gcuid féin a shaothrú nó, más ag lorg oibre atá siad agus iad ag brath ar leas sóisialta, ní cheadaítear dóibh ach cúrsaí oíche a thógáil.

Go luath sa bhliain, i mí Eanáir 2009, is ea a chuaigh Bryan MacMahon, Oide Treorach Gairme ar scor, i mbun a chláir treoraigh. Ba é an lá geal é do na daoine óga seo – agus do TDD – gur tháinig Bryan inár láthair lena chuid comhairle oilte a chur ar fáil go tráthúil.

Sna scrúdúcháin i mBealtaine / Meitheamh, d'éirigh go rí-mhaith leis na mic léinn, agus rinne muid na torthaí a mheas i Lúnasa / Meán Fómhair i bhfianaise na mac léinn féin. Bronnadh scoláireacht ar ógánach amháin, sa chaoi gur féidir leis cúrsa céime máistreachta a thógáil ag Ollscoil Chathair Átha Cliath. Bhain beirt mhac léinn, duine acu ag tógáil cúrsa cúntóra banaltra agus an duine eile cúrsa teicneolaí ailtireachta, céim amach i mí na Samhna agus ainmníodh gach uile dhuine acu, faoi seach, mar Mhac Léinn na Bliana ina rang. Agus maidir le duine eile fós, ba dó sin a thug Banc na hÉireann scoláireacht sa chaoi gurbh' fhéidir leis cúrsa céime baitsiléara a thógáil san eolaíocht ríomhaire.

Tá an clár seo – cúnamh praiticiúil d'fhonn oideachas a chur ar fáil d'iarrthóirí tearmainn óga – ar an gclár is mó tábhachta agus freisin an clár is mó costais de chláir uile go léir TDD. Le cois na dtáillí le haghaidh cúrsaí staidéir, bhí ar TDD ticéid taistil mhic léinn a sholáthair dóibh.

Costas sa Bhliain 2009: Is é a chaith TDD i rith na bliana 2009 ar Oideachas, €16,246 ar tháillí cúrsaí staidéir (40% den chaiteachas iomlán) agus €12,754 ar iompar (31% den chaiteachas iomlán) – táillí fillte bus, go háirithe, le taisteal chuig an gcoláiste.

2.2. Láthair "Buail Isteach" i nDún Laoghaire, mar phointe caidrimh in aghaidh na seachtaine leis an bpobal dídine / tearmainn, agus go háirithe leis an aos óg a raibh baint acu tráth leis na tithe iostais i nDún Laoghaire.

Gléas oibre airmheáin do TDD is ea na cruinnithe oíche Luain, a chuirtear ar bun óna 19.00 go dtí a 21.30 uair ag Lár-Ionad Traenála Pobail Dhún Laoghaire (LTPDL). Cuireadh tús leis na cruinnithe i Meitheamh 2005.

Sa bhliain 2009, tionóladh cruinnithe Dé Luain ag LTPDL 49 uair – agus san áireamh na saorlaethe bainc ar na Luanta i Meitheamh agus Lúnasa - ach amháin nár tionóladh cruinniú ar an 2 Feabhra toisc na droch-aimsire, agus arís ar an 22 Meitheamh toisc chomóradh Lá Domhanda na nDídeanaithe ag Institiúid na hEalaíona, an Dearaidh agus na Teicneolaíochta - IEDT/IADT - (féach thíos) agus arís eile ar an 28 Nollaig ag ceann na bliana. Tháinig muid i ndáil a chéile den uair dheireanach sa bhliain 2009 ag cóisir Fhéile na

Nollag, Dé Luain, an 21 lá den mhí sin. Tá muid thar a bheith buíoch de fhoireann LTPDL toisc gur cheadaigh siad dúinn a n-áitreabh a úsáid agus buíoch freisin mar gheall ar an bhfáilte agus ar an gcúirtéis a chuir siad romhainn agus ar an gcúnamh mór a thug siad dúinn i gcónaí.

Ba shásúil ar fad an freastal a rinneadh ar na cruinnithe: thagadh idir 10 agus 40 dideanaí agus iarrthóir tearmainn óg, nó breis agus deich macaomh is fiche ar an meán, gach uile sheachtain go féiltiúil. Mar a tharla cheana san am a chuaigh thart, ba iad na 'seanfhondúirí' a thug 'nóibhisí' leo go dtí na tionóil. Ar na nóibhisí sin bhí roinnt páistí scartha. Ag deireadh na bliana, chruthaigh an rolla d'ainmneacha na rannpháirtithe go raibh 171 macaomh cláraithe agus iad ag déanamh freastail go rialta – 55% macaomh fir agus 45% macaomh mná – de bhunadh 22 tír mar seo leanas: An Nigéir 29%, Angóla 13%, an tSomáil 12% agus an Chéinia 6%. Ar na tíortha eile tá: An Aetóip, An Bhúrúin, Camarún, An Congó Brazzaville, Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC), an Cósta Eabhair, An Eiritré, Gána, an Ghuine Bissau, An Iráic, An Iráin, an Líbéir, An Ossetia Theas, Ruanda, Siarra Leon, an tSiombáib, an tSúdáin agus Uganda.
I gcaitheamh na bliana, bronnadh stádas dídeanaithe nó cead cónaithe ar ocht is fiche duine de na macaoimh chláraithe a rinne freastal go rialta. Orthu siúd, tá drong amháin a bhfuil saoránacht na hÉireann bainte amach acu agus drong eile níos líonmhara fós a bhfuil a n-iarratais ar shaonánacht faoi shiúl i gcónaí.

Leagan Amach na gCruinnithe "Buail Isteach": is mar seo a leagtar amach na cruinnithe go hiondúil:

- caint a dhéanann ball de choiste TDD nó aoi-chainteoir ar ábhar inspéise, agus díospóireacht ina diaidh.
- agallamh "aghaidh le haghaidh" i seomra/í ar leataobh, le go bpléifí deacrachtaí daoine aonair agus na bealaí lena réiteach. Leantar leis an ngnó seo go minic sa tseachtain dár gcionn.
- sólaistí agus san áireamh nithe (torthaí crainn) a bhíonn ar iarraidh go hiondúil in aiste bia na ndaoine óga a chothaítear sna tithe iostais, agus freisin nuair is iad féin a réitíonn an bia ar bheagán acmhainne.
- fáiltítear roimh na nóibhisí agus déantar leac an doichill a bhriseadh. Cuireann duine de na saorálaithe agallamh orthu ina nduine is ina nduine. Tugtar eolas do gach nóibhiseach mar gheall ar TDD agus cláraítear bun-shonraí ina leith, ina n-áirítear aois, seoladh, tír bhunaidh, leibhéal oideachais agus stádas cónaithe oifigiúil.
- déantar obair riaracháin ansin, leis - seiceanna a scríobh le haghaidh táillí scoile, le haghaidh sochair phearsanta 7rl.

Cuairteoirí go dtí na Cruinnithe Buail Isteach i 2009: ghlac na cuairteoirí páirt inár gcuid oibre agus tháinig siad chun cúnaimh orainn sna bealaí seo: **Scileanna Saoil, Ceangail Chros-Phobail, Deontóiri & Cuairteanna Eolais.**

Scileanna Saoil:

- ***"Bígí Airdeallach",*** *chuir na Gardaí Eitneacha sna stáisiúin i nDún Laoghaire agus i gCábán tSíle* an clár seo ar bun arís, mar a rinneadh sna blianta a ghabh tharrainn, le linn trí seachtaine ag deireadh Bhealtaine. Sa cháil sin, ba mhór an sásamh a thug an léiriú a rinne na Gardaí ar an "Ord Poiblí" don luch éisteachta ar an 25 Bealtaine. Níos luaithe sa bhliain, ar an 2 Márta, chuir na Gardaí díospóireacht ar bun mar gheall ar mhí-úsáid substaintí. Lean na Gardaí do bheith ag "bualadh isteach" ó am go chéile le linn na bliana gur thug siad comhairle agus cabhair. Tá muid fíor-bhuíoch. Dia leo!
- ***MAPS (Seirbhísí Comhairle ar Chaiteachas agus ar Bhuiséid a Riar)***. Tugann MAPS comhairle do theaghlaigh mhion-ioncaim a bhfuil fiacha caiteachais ag luí go trom ortha. Gníomhaíonn siad ar fud na tíre, agus tá ionadaíocht acu i Sráid Phádraig i nDún Laoghaire. Ba í Catherine Scallan Collins ó MhAPS a thug caint an-úsáideach ar an chaoi ba choir bhuiséid phearsanta a phleanáil ar an 16 Feabhra. Tháinig MAPS i gcaibair orainn cheana le linn do na tithe iostais a bheith i nDún Laoghaire.
- ***Comhairle Contae Dhún Laoghaire Rath an Dúin: Clárú le Vótáil agus Eolas ar an gCóras Vótála.*** Ar an 23 Márta**,** labhair Rebeccan Fozzard agus Neill Healy (Bord Forbartha an Chontae / Acmhainní Daonna) mar gheall ar chomh tábhachtach is atá an vótáil sa chóras daonlathach agus mar sin gur chóir do gach duine a chónaíonn sa Chontae clárú roimh thoghchán an rialtais áitiúil ar an 5 Meitheamh. Líon an lucht freastail na foirmeacha cláraithe agus ba é an Garda Dermot O'Meara, Stáisiún Chábán tSile, a shínigh iad.

- ***AkiDwa (Akina dada sa Africa – "deirfiúracht" sa teanga Svahailís*)** - ceardlann faoi shláinte na mná, a stiúir Siobhán O'Brien Green agus Alwiye Xuseyn, banaltra cháilithe agus bean seoil. Ba é ábhar na ceardlainne – a cuireadh ar bun ar cheithre oíche Luain (10-31 Lúnasa): caidreamh idir an dá chineál, sláinte na mná – miotais agus fíricí -, cúrsaí sláinte agus HIV/AIDS-SEIF san áireamh, seirbhísí agus tacaíocht agus cur ar an eolas.
- ***Comhaltas Bheartaithe Muiríne Éireann (CBMÉ – IFPA)***, chuir Martin Naarendord a leithéid chéanna de cheardlann ar bun le haghaidh na n-ógánach fir ar an dá oíche Luain i ndiaidh a chéile, 24 agus 31 Lúnasa.

Ceangail Chros-Phobail:

- Tháinig Susan Burke, Feidhmeannach Ceangail Chultúrtha, ***Coláiste Breis-Oideachais Dhún Laoghaire (CBOD),*** ar cuairt orainn ar an 23 Márta, agus Michael McLaughlin, Feidhmeannach Ealaín na hÓg, ***Comhairle Contae Dhún Laoire Rath an Dúin (CCDLRD)***, ar an *20 Iúil.*

Nóta: tá sé de rún againn sa bhliain dár gcionn a thuilleadh cainteanna a reáchtáil - agus cuireadh a thabhairt do cháinteoirí eachtracha freisin – beidh réimse níos leithne ag dul leis na hábhair, mar shampla: stair na hÉireann, córas polaitíochta na tíre, an teanga Ghaeilge, an tAontas Eorpach (tar éis Chonradh Liospóin), cearta daonna, maille le cúrsaí an tsaoil faoi láthair sa tír agus sa cheantar. Maidir leis na ceangail chros-phobail, sa bhliain 2008 phlé muid le CCDLRD ceangail a dhéanamh le gluaiseacht an ógra sa cheantar, ach cuireadh i bhfios dúinn go raibh spéis Chomhairle na nÓg (Irish Youth Council) sna hógánaigh faoi 18 bliain d'aois. Déanfaidh muid an t-ábhar seo a iniúchadh in éindí le CBOD agus CCDLRD amach anseo.

Deontóirí: - Chuir muid fáilte roimh **dheontóirí** –

- *Chumann Naomh Oinseann de Pól, 20 Iúl* (Alan Lennox), agus
- *Thionscnamh an Dá Chóta, Conlán an Cheartais, Paróiste Caitliceach Na gClocha Liath, 23 Márta* (Paul Dillon). Tá an Tionscnamh seo bunaithe ar an teagasc sa Bhíobla gur chóir don té ar leis dhá chóta, cóta amháin a thabhairt don té gan aon chóta (Lucás 3.11). Bhronn siad deontas fial orainn níos luaithe sa mhí sin.

Cuairteanna Eolais:

- ar an 30 Márta d'fháiltigh muid roimh *Oifig an Ombudsman do Leanaí,* Karla Charles, an té a chuir an Tuarascáil ar na Leanaí Scartha ina gCónaí in Éirinn in eagar.
- *Lárionad Íosánach do Dhídeanaithe, 28 Meán Fómhair*, thug Stephen Hayes cuairt.
- *Roca, Ms Mary (Molly) Baldwin, Stiúrthóir Feidhmeannach, 16 Samhain.* Is Eagraíocht Neamh-Rialtasach é Roca ("carraig" sa Spáinnis), a oibríonn ar mhaithe le daoine óga atá i bpriacal i gcuid de na ceantair mhíbhuntáisteacha i gcathair Bhostún, Massachusetts. Thug Molly deontas fial.

Tionscadal Taighde:

- ***Itayi Virayi, Taighde ar na Dúshláin ar a dTugann Páistí Scartha ag Iarraidh Tearmainn aghaidh, tar éis dóibh Stádas Dídeanaithe / Cead Cónaithe a Bhaint amach****:* chuir Itayi tús lena chuid taighde i nDeireadh Fómhair. Tá an taighde faoi stiúir Choláiste na hOllscoile Átha Cliath (Roinn an Cheartais Shóisialta) agus is í an áisíneacht "Troid in Éadan na Bochtaineachta" (cuid den Roinn Gnóthaí Sóisíalta agus Teaghlaigh) atá á mhaoiniú. Tá sé de rún ag TDD an tionscadal a lainseáil go poiblí, nuair a chuirfear an clár binnne air**.**

Cóisir na Nollag, 21 Nollaig.

- Ag ceann na bliana, bhí cóisir na Nollag againn agus bhí bordáil ar 40 duine óg agus ochtar páistí scartha ina measc, chomh maith le cuid mhaith de bhaill an choiste agus de na gnáth-bhaill (saorálaithe). Is é Gabriel Akujobi, le cúnamh ó Phurity Wairimu Ndirangu, Shanette Buddhai agus Josh Jenkinson, a chur tús le searmanas na gcoinnle a lasadh – coinnle geala an bhuíochais i ndíol naíonán a saolaíodh agus gach dár tháinig i dtír go rathúil i rith na bliana agus coinnle an chumha i gcuimhne orthu siúd ar chuir Dia fios orthu agus ar na cairde a d'imigh uainn nó ar cuireadh ar ionnarbadh iad. Chuir muid céad fáilte roimh shean-chairde ar bhaill iad tráth den choiste, Maureen McCullagh, agus Joan Gallagher, agus freisin an tSr. Laura Peelo. Bhí slua mór dár "iar-chéimithe" sa láthair.

Cuairteanna Amach ón Láthair Buail Isteach - Daoine Óga agus Saorálaithe

- *Oíche "Fháilte agus Aithne" ag Teach Óstán Parkes, Teach Lorgáin*, An Teachta Éamon Gilmore T.D., 9 Márta. Ba é Abrahim Abdul-Wahid, ball coiste, a rinne ionadaíocht ar son TDD.
- *Seachtain an Chuimsithe Shóisialta i nDún Laoghaire, 12 Deireadh Fómhair*: rinneadh buíon de na daoine óga freastal ar lainseáil Choiste Ilghnéitheachta an Gharda Síochána i nDún Laoghaire Rath an Dúin agus thug Abrahim Abdul-Wahid, ball an choiste, aitheasc uaidh.
- *Dáil Éireann – Díospóireacht ar Gháinneáil na ndaoine (is é sin daoine saolta a reic mar earraí), 17/18 Samhain.* D'fhreastal baill TDD agus iarrthóirí tearmainn ar an díospóireacht sa Dáil de bharr bille chomhalta phríobháidigh a rith An Teachta Denis Naughten T.D. (Ros Comáin / Liatroma Theas).
- *Tionscnamh "Crosscare" d' Inimircigh*, 18 Samhain. Is gníomhaireacht an Tionscnamh seo de Dheoise Átha Cliath den Eaglais Chaitliceach, agus lainseáil siad leagan, cothrom leis an dáta, den fhoilseachán "Living in Ireland" - lámhleabhar úsáideach. Bhí cuid de bhaill choiste TDD agus iarrthóirí tearmainn sa láthair - "**www.livinginireland.ie**".

Teagmhail le Baill Reachtasacha / Neamh-Reachtasacha a bhfuil baint acu le Cúrsai Dideanaithe
Déanann TDD freastal mar ionadaí ar:

- na tionóil ceithre huaire sa bhliain idir CAN-GET (Gréasán na nEaglaisi um Thearmann) agus an Áisíneacht Fháilte agus Comhtháite (Roinn Dli7Cirt CAD).
- Coiste Comhordaithe an Fhríthchiníochais agus na hÉagsúlachta i nDún Laoghaire Rath an Dúin.
- Comhghuaillíocht Chearta an Linbh.
- Toghadh beirt shaorálaithe mar ionadaithe ar Choiste na hIlghnéitheachta faoi stiúir an Gharda Síochána faoi Nollaig.

Costas sa Bhliain 2009*:* A bhuíochas ar LTPDL, is beag a chosain an clár tábhachtach seo ar TDD - €1,330 (3% den chaiteachas iomlán).

2.3. Tacú le Leasa Sóisialta.
Is minic a bhíonn lámh chúnta ag teastáil ó na hiarrthóirí tearmainn, nuair a bhaineann siad cead cónaithe amach is go mbíonn orthu aistriú ó lóistín a sholáthraíonn an Stát saor ó chíos dóibh go dtí lóistín a thógtar ar cíos. Bíonn cead acu ansin oibriú ar phá agus is é an chaoi go gcaitear obair a lorg maolabhrach agus an fód a threabhadh dóibh féin. Is deacair go minic an idirthréimhse seo, go háirithe nuair is iad máithreacha singile a bhfuil páistí óga acu atá i gceist. Is iad na cineáil shochair is mó a chuir TDD ar fáil i rith na bliana:

- éarlaisí i leith cíosa.
- creidmheasa teileafóin cheallaigh.
- airgead tirim le baill bheatha a cheannach.
- teas agus solas.

Nuair a mheasann muid go bhfuil an té a fhaigheann an t-airgead in inmhe a aisíoctha, tugann muid an t-airgead seo ar airleacan don duine sin (mar shampla: éarlais i leith cíosa, cionn is go n-aisíocann an té ar leis an t-áitreabh an tsuim sa deireadh, ar chuntar gur íocadh an cíos gach mí), ach is follas - go fiú i gcás na n-ógánach ar bronnadh stádas dídeanaithe nó cead cónaithe orthu - go dtagann sé rite dóibh obair a aimsiú, toisc na cúrsaí eacnamaíochta a bheith in anchás, agus mar sin tá a fhios againn nach nglanfar riamh uile cuid de na hairleacain. Is éard a mholann TDD i gcónaí, cúnamh a chuardach i dtosach báire ó na Seirbhísí Leasa Sóisialta oifigiúla (An Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh).
Costas sa Bhliain 2009*:* **€5,235 (12% den chaiteachas iomlán)**

2.4. ***Cúnamh maidir le Cúrsaí Dlí, Cead Fanacht, agus Tacaíocht ag am an Ionnarbtha (Eiseachadta) agus Fillte Saorálacha, Pasanna / Doiciméid Oifigiúla.***

I gcaitheamh na bliana, bronnadh cead cónaithe ar bhuíon bheag den líon ógánach a rinne freastal ar na cruinnithe "Buail Isteach", go mall riain agus ina nduine is ina nduine. Is é an chaoi go ndeachaidh ag 28 duine cead cónaithe a bhaint amach – is é sin stádas dídeanaithe nó cead fanacht ar bhonn daonchairdiúil - i rith na bliana 2009. Níor cáilíodh aon duine, go bhfios dúinn, le haghaidh na haicme nua – an "chosaint choimhdeach".

Ionnarbadh líon mór d'iarrthóirí tearmainn - nár éirigh lena n-iarratais – cúpla uair i rith na bliana. Cuid de na scéimeanna ionnarbaithe sin, cuireadh ar bun iad i gcomhar le tíortha eile san Aontas Eorpach (AE) de bhua na hEagraíochta FRONTEX (Áisíneacht Eorpach do Bhainistíocht an Chomhair Fheidhmeannaigh ag Teorainneacha Eachtrannacha Bhallstáit an AE). Ar na daoine sin a chaill sa chasadh, bhí beirt ógánach fir a thaithíodh an Láthair Buail Isteach – duine amháin i mBealtaine agus duine eile i nDeireadh Fómhair. Ní féidir le TDD – móide an trua - teacht chun cúnaimh ar dhaoine a fhilltear go dtí a dtíortha bunaidh, ach maireann an caidreamh pearsanta idir roinnt dár mbaill agus na hógánaigh a ionnarbadh. Is minic, ámh, a chuireann muid suim bheag airgid ar fáil sula n-ionnarbtar iad.

I mí Eanáir mhol muid do bhean óg ón Nigéir, agus beirt chlainne aici, a bhí ag iarraidh filleadh don Nigéir de thoil dheona, dul i gcomhairle leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (EII).

D'fhreastail cuid de bhaill TDD ar an Ard-Chúirt ar an 18 Meitheamh, nuair a pléadh Athbhreithniú Breithiúnach mar gheall ar iarratas tearmainn ar an 18 Meitheamh, agus rinne muid teagmháil le Príosún Chnoc na Seimre (Clover Hill) ag deireadh Mhí na Samhna mar gheall ar ógánach fir a coinníodh ansin ar an bhforas go ndéanfadh sé iarracht an t-ionnarbadh a sheachain.

Tháinig muid ar chonstaic i mí na Bealtaine, toisc gur thosaigh lucht Bhiúró Eadóirseachta agus Inimirce an Gharda (BEIG) ón mhí sin i leith ag cur d'iallach ar gach duine ar tugadh cead fanacht dó pas náisiúnta a thabhairt ar aird sula dtabharfaí an Cárta Glas dó. Is é an Cárta Glas – cead fanacht stampa 4 – a thugann don sealbhóir an ceart chun cónaí agus chun obair a dhéanamh gan ceadúnas oibre, agus gur féidir go mbronnfaí cead buan cónaithe air dá bharr sa deireadh. Bhí tábhacht ar leith ag baint le scéal seo na bpasanna – agus dar linn gur intuigthe an coinníoll sin de réir dhearcadh údaráis an Stáit - do na daoine i gceist, mar de cheal an Chárta Ghlais (stampa 4), ní féidir teacht ar na sochair shóisialta, aistriú ón gcóiríocht sna tithe iostais agus obair a fháil. Is tearc tír Afracach ag a bhfuil oifig chonsalach in Áth Cliath, agus ní féidir leis an té gan phas taisteal thar lear go dtí an oifig chonsalach i gceist (agus is i gcathair Londain atá an mhórchuid de na hoifigí sin) arae ní eisítear víosa don té atá dífhostaithe, agus, mar bharr ar an olc, ní eiseofaí víosa thar ais go hÉirinn dona leithéid do dhuine ach oiread. Is minic a chuirtear moill fhada ar an té atá ag iarraidh pas –moill bhliana is breis scaití. Tagann cuid de na Consail go hÁth Cliath ó am go chéile le seirbhísí a chur ar fáil dar gcuid saoránach. Tá muid buíoch de lucht BEIG a thug comhairle dúinn ar na seirbhísí sin.

I dteannta an Chárta Ghlais (stampa 4), téann sé rite leis na daoine óga Cártaí Aoise a fháil agus iad gan phas. Níorbh ealaíon dúinn gan buíochas a ghabháil leis na Gardaí i nDún Laoghaire / Cabhán tSíle faoina gcabhair ansin. Ní call a rá gur cúis chostais agus cheataí dúinn na doiciméid oifigiúla uile sin a fháil – óir ní haon dóithín é teacht orthu.

Costas sa Bhliain 2009: €1,974 (5% den chaiteachas iomlán)

2.5. Lá Domhanda na nDídeanaithe á Chomóradh i nDún Laoghaire.

Lá Domhanda na nDídeanaithe – lá a comóradh den chéad uair i nDún Laoghaire i 2004 cois na farraige ag Nua-Bhaile Mhic Ghamhan – comóradh an athuair é ar an Luan, 22 Meitheamh, ag IEDT/IADT (Institiúid na hEalaíona, an Dearaidh agus na Teicneolaíochta / Institute of Art, Design and Technology) ag a n-áitreabh i gCarraig an Lia, Coirnéal Baker, Dún Laoghaire. Bhí an comóradh faoi chómh-choimirce: IEDT/IADT, Comhairle Contae DLRD, Comhpháirtíocht an Chinn Theas agus TDD.

Measann TDD go bhfuil sé tábhachtach cás agus cearta na ndídeanaithe a chur os comhair an phobail inár gceantar féin, de réir mar atá na cearta sin leagtha síos i gCoinbhinsiún na Ginéive de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le Stádas Dídeanaithe. Réitíonn an tionscnamh seo sa chomarsanacht le beartas Chomhairle Contae DLRD i leith an chuimsithe shóisialta de réir Phlean Frithchiníochais agus Éagsúlachta Chontae DLRD 2007-2010. Is éard a nocht Ardchoimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe sa tuarascáil "Global Trends" - a fhoilsítear gach bliain roimh Lá Domhanda na nDídeanaithe – gur baineadh thart ar 42 milliún duine ó fhréamh ar fud na cruinne – 16 milliún dídeanaí agus iarrthóir tearmainn agus 26 milliún duine díláithrithe ina dtíortha féin. Is sna tíortha i mbéal forbartha atá thart ar 80% de na daoine sin, tíortha mar a mbíonn na rialtais go minic ar bheagán cumais agus a n-acmhainní ar an ngannchúis.

Bhí breis agus 150 duine i láthair ag an gcomóradh i mbliana. Thug Mr Jim Devine, Stiúrthóir IEDT/IADT an t-aitheasc fáiltithe. Labhair Ms Marie Baker, Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin agus Ms Marie Carroll, Bainisteoir Chomhpháirtíocht an Chinn Theas, agus tharraing siad aird ar an bpáirt a ghlacann na dídeanaithe agus na hinimircigh eile i saol an phobail ar a mhaithe sin. Tá TDD an-bhuíoch de na haoi-chainteoirí uile de bharr na n-aitheasc a rinne siad, de bharr a gcuid cúnaimh phraiticiúil, agus na n-áiseanna agus na sólaistí a sholáthair siad.

Ba é ball an choiste, Abrahim Abdul-Wahid, a bhí mar mháistir ar imeachtaí na hoíche. Ba í buaic na hoíche gan amhras na ceithre sceitse dhrámatacha, a rinne Gabriel Akujobi agus Gelson Gomez a léiriú. Bronnadh teastais ar na daoine óga a ghabh páirt i gclár an Gharda "Bígí Airdeallach". Tugadh fleasc bláthanna do Joythi Kanics, ball de Chomhairle Teifeach na hÉireann: bhí Joythi ar tí aistriú go post nua ag UNICEF (Ciste na Náisiún Aontaithe um Leanaí) i gcathair na Ginéive. Ba chomhartha buíochais an fleasc i ndíol an chuidithe thar na bearta a thug sí do TDD tráth bhí sí inár measc. Thug Barbara Eustace clúdach don ár gCisteoir, Maurice McCann, clúdach lán barra bachall de dheontais, a bailíodh ó na daoine a chuaigh in urra uirthi agus í ag rith rás mhion-mharatón na mban.

Ba iad Gabriel Akujobi, Abiola Tubi, Rilwon Jaiyeola agus Segun Akano - baill den bhanna, "High Life" na hAfraice Thiar - a bhí i mbarr a ngeallta ag seinm ceoil le linn na hoíche.

***Costas sa Bhliain 2009**:* Ba é an t-aon chostas a raibh TDD thíos leis, €400 a íocadh don bhanna**.**

2.6. Beartais an Stáit maidir le Tearmann

Maidir le beartas an Stáit, ní miste aird a tharraingt ar dhá ghné shontasacha go háirithe (a) ógánaigh "thar an Aois" agus (b) Páistí Scartha ag Iarraidh Tearmainn mar leanas:

***2.6.1. "Thar an Aois" - deifníd*:** aon leanbh "faoi 18 bliain d'aois a shroicheann teorannacha an stáit… nach bhfuil i gcoimeád aon duine", is do Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS) a thugtar urlámh ar an leanbh sin, agus is iad "forálacha Acht um Chúram Leanaí" atá infheidhme. Dá luaithe is a bhaineann aon ógánach den chineál sin 18 bliain d'aois amach, agus é ag iarraidh tearmainn, aicmítear é mar ógánach "Thar an Aois", agus is í Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SEIE/INIS) atá freagrach as ansin amach: déantar corr-eisceacht maidir le daoine atá faoi chóir leighis agus i roinnt cásanna eile.

Thug SEIE/INIS beartas nua isteach i mbéalbhach an tsamhraidh, beartas ar sprioc leis, na daoine óga "Thar an Aois" agus scartha, a bhí ina gcónaí i gcathair Átha Cliath, a scaipeadh seachnóin na tíre. Mar sin féin, tugadh cead d'aon duine a bhí ag tógáil na hArd-Teistiméireachta fanacht go dtí tar éis an scrúdaithe. Ba é a bhí beartaithe ag na hÚdaráis na daoine óga uile a aistriú - agus tús a chur leis ón 5 Meitheamh i leith – ó Átha Cliath go tithe iostais i gCorcaigh, Áth Luain, Bóthair na Trá i nGaillimh agus Cathair na Gaillimhe, go bunáite. Tharraing muid aird na nÚdarás ar easpa na seirbhísí caidrimh agus tacaíochta i gcuid de na ceantair scaipthe, agus dúirt gur mór an seans go mbeadh na daoine óga ar an bhfaraor géar dá ndíobháil sin. A fhearacht sin ag Oifig an Ombudsman do Leanaí a chuir friotal ar a cuid imní ina *Tuarascáil ar Leanaí Scartha ina gCónaí in Éirinn* (2009, leath. 51)

Ar na daoine óga den chineál sin a bhí ag taithí na gcruinnithe Buail Isteach roimh dheireadh na bliana, bhí ochtar acu sa chomhaireamh ceann. Thug TDD cúnamh dóibh siúd a raibh orthu déanamh réidh le taisteal – go háirithe na máithreacha singile óga i bhfeighil chlainne páistí -, agus ni scoireann muid den teagmháil leo tar éis a n-aistrithe. Is éard a mhol muid dóibh dul i leith aon chompántais charthanaigh fheiliúnaigh atá ar siúl cheana nó, dá cheal sin, compántas nua a chur ar bun dóibh féin sa cheantar a seadaítear ann.

2.6.2. *Páistí Scartha ag Iarraidh Tearmainn:* maidir leis na leanaí *nach bhfuil i gceann* a *18 bliain d'aois fós* agus mar sin atá faoi réir ag forálacha an Achta um Chúram Leanaí, chuir FSS/HSE ráiteas amach faoi Shamhain 2009 go raibh siad "ag féachaint chuige go gcuirfí deireadh ar fad a chur le húsáid na córaíochta iostais, go ndéanfaí é sin céim ar chéim ach go cinnte roimh Nollaig 2010, agus go raibh sé de rún acu seirbhísí cúraim feiliúnacha agus seasta a cur ar fáil ar an dá leibhéal – náisiúnta agus áitiúil – le haghaidh na "Leanaí Scartha ag Iarraidh Tearmainn".

Tá an beartas seo ag freagairt do na hábhair imní agus do na moltaí a lua Oifig an Ombudsman do Leanaí ina Tuarascáil agus í ag trácht ar chóiríocht iostais mar leanas:

"Faigheann na leanaí scartha caighdeán cúraim níos ísle ná na leanaí atá sa ghnáth-chóras cúraim. Ní féidir leor a ghabháil leis an gcúram lagmheasartha a sholáthraítear do na leanaí sin agus iad ina gcónaí i gcóraíocht iostais gan chlárú. Is é an chaoi go sáraítear na forálacha dlíthiúla a leagtar síos inár reachtaíocht náisiúnta faoi chúram an linbh. Dá bharr sin, freisin, tagann an Stát salach ar an dualgas atá air an t-idirdhealú a chosc, agus é sin de réir Alt 2 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus Alt 14 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Caithfear deireadh a chur leis an gcleachtas ina ndéantar na leanaí scartha a chóiriú i gcóiríocht iostais"…… "Is cúis imní go gcóirítear na leanaí i dtithe iostais nach gcuirtear faoi aon ghléas iniúchaithe iad. Ní foláir cur faoi deara don stát, mar bheart eatramhach, go n-iniúchfaí na seirbhísí uile ar son leanaí, ina n-áiríear an chóiríocht iostais, go rialta agus go neamhspleách". (Tuarascáil – Achomair ar na príomh-ábhair imní & moltaí, leath, 53).

Ba mhaith an mhaise don Ombudsman a bheith imníoch agus réitíonn gach a ndúirt sí le tuarascálacha neamhspleácha eile, ina n-áirítear Coiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh (2006)

Is cosúil gurb é an modh oibre a bhéas ann feasta, go ndéanfaidh an "Fhoireann Fháiltithe agus Mheasúnaithe" de chuid FSS/HSE, gach leanbh scartha a mheasúnú agus tá suíomh na Foirne sin in Átha Cliath. Má chastar leanbh ar na hÚdaráis den chéad uair tar éis don leanbh sin a theacht isteach sa tír, agus go dtarlaíonn sin taobh amuigh den ghnáth-lá oibre, agus go meastar go bhfuil an leanbh sin i mbaol, cuirfear an leanbh sin ar sábháil i dteach a bhfuil "socraíocht teaghlaigh" ann. Is ar Sheirbhís Éigeandála na nIonad Sábháilte de chuid FSS/HSE a bhéas an fhreagracht sin. Ní choinneofar aon leanbh, mar a choinnítí san am thart iad, le linn na hoíche, san áit a gcastar ortha (e.g. i Stáisiún an Gharda nó in institúid stáit eile sa cheantar).

Tar éis na leanaí a mheasúnú, cuirfear mor-chuid na bpáistí sin faoi chúram altrama nó i lóistíní tacaithe ar fud na tíre, agus bunófar seirbhís cúraim nua chónaithe. Beidh an cineál cúraim ag brath ar aois an linbh.

Maidir leis na sé cinn de thithe iostais a bhí ann tráth, dúnadh péire acu cheana; dúnfar ceann eile in Átha Cliath go luath i 2010 agus dúnfar na trí theach iostais a bhéas fágtha de réir a chéile. Cuirfear deireadh le bheith ag baint leasa as tithe iostais gan aon phearsanra cáilithe i rith 2010, agus sna tithe iostais atá fós ag feidhmiú, cuirfear barr feabhais ar na háiseanna, sa chaoi "go mbeidh seirbhísí uile FSS/HSE i gcomhréir leis an reachtaíocht, na rialacháin agus na caighdeáin faoi chúram an linbh".

Maidir le háireamh na leanaí atá i gceist, dúirt FSS/HSE ina ráiteas go nglactar 13 leanbh, ar meán, i gcúram gach mí.

2.7. Cúrsaí Riaracháin TDD, Gníomhas Iontaobhais agus Bunreacht, Cóid Iompair

Níor leasaíodh an Gníomhas Iontaobhais sa bhliain 2009 agus ní mó ná sin a leasaíodh Bunreacht Chomhaltas TDD (téacsanna ar **www.drp.ie.)**. Tionóladh comh-chruinnithe de na hIontaobhaithe / Baill Choiste TDD gach uile mhí, amach ó mhí Feabhra.

Tá liosta de na hIontaobhaithe, de Bhaill Choiste agus de Ghnáth-Bhaill ("saorálaithe") Chomhaltais TDD san Aguisín ag deireadh. Nuair a athraítear na hIontaobhaithe, Baill Choiste nó na Gnáth-Bhaill, leantar rialacha an Ghníomhais Iontaobhais / Bunreachta agus cláraítear gach rún i leith na hathruithe sin i miontuairiscí an Choiste.

Glacadh cheana cóid iompair ar Chosaint Leanaí, Mí-úsáid Shubstaintí agus Saorálaíocht / Beartas Comhdheiseanna, agus tá na beartais sin á gcur i bhfeidhm ag TDD.

2.8. Cúrsaí Airgid agus Cruinniú Airgid

I gcomhréir leis an nGníomhas Iontaobhais, rinneadh cuntais TDD –cuntais an Iontaobhais - le haghaidh na bliana 2009 a iniúchadh go neamhspleách. Is iad CDK Associates, Cuntasóirí agus Iniúchóirí Cláraithe, Dún Laoghaire, a ngníomhaíonn ar son TDD ó 2002 anuas. Cuirtear na Ráitis Airgeadais Shínithe, maille le Tuarascáil an Iniúchóra, ar fáil ar shuíomh gréasáin TDD gach uile bhliain. Nuair a fhaigheann muid na doiciméid sin thar ais ó na Cuntasóirí, seolann muid cóipeanna do na Coimisinéirí um Dheonacháin agus

Thiomnachta Carthanacha (go dtí go gcuirfear an tÚdarás Rialacháin nua ar bun de réir Acht na gCarthanas 2008) agus do na Coimisinéirí Ioncaim (Rannóg na gCarthanas, An tAonach).

Rinne TDD éacht mór d'fhonn deonacháin a bhailiú i Samhain / Nollaig agus scríobh muid litreacha chuig na deontóirí a thug síntiúis dúinn san am thart agus d'eagraíochtaí nach iad (lucht gnó san áireamh) agus do dhaoine aonair a mheas muid spéis a bheith acu inár gcuid oibre. Cé gur thug mórán daoine síntiúis, is beag gnólacht a d'fhreagair ár n-iarratas - ní nach ionadh agus cúrsaí eacnamaíochta a bheith chom dona. Is móide ár mbuíochas do na deontóirí grádiaúla a thug go fial, agus ina measc sin – na heagraíochtaí oifigiúla inár gceantar (Comhairle Contae Dhún Laoghaire Rath an Dúin agus Comhpháirtíocht An Chinn Theas), na compántais charthanacha (Tionscnamh an Dá Chóta ar na Clocha Liatha, agus Naomh Uinsionn de Pól), na Fondúireachta (Community Foundation for Ireland agus Fondúireacht na hÉireann um an Óige), AdiKwa, na Bainc agus na Gnólachtaí, do na gasúir agus na girseacha agus do na múinteoirí ag Scoil Naomh Gearárd, Bré, agus don domhnaíocht de shaoránaigh phríobháideacha i nDún Laoghaire agus i mbaill eile.

Is éard a léiríonn ár gcuntais le haghaidh na bliana 2009 gur tharraing muid orainn costais beagán níos mó ná €40,000 san iomlán, agus gur chruinnigh muid deonacháin a rinne suas beagnach €23,000 mar theacht isteach**.** Ag deireadh na bliana ba é an t-iarmhéid a bhí againn sa bhanc €27,862. ***Is éard atá le léamh go cruinn as seo, nach bhfuil ach an dá rogha ann: farasbarr a chur ar dheonacháin nó baint siar ar na costais i 2010.***

2.9. Clár Bliantúil agus Buiséad le haghaidh 2010

I gcomhréir le hAlt 12 de Bhunreacht TDD, is é gnás an choiste Clár na nGníomhaíochtaí agus an Buiséad a bhaineann leo a scrúdú le haghaidh na bliana dár gcionn ag an tionól míosúil faoi Nollaig agus, maille leis seo, an straitéis mhaoinithe is cóir a leanúint. Ní dhearnadh amhlaidh i mbliana toisc ríochan a bheith ar ár gcaint is ár gcomhrá de thoisc na n-oibreacha tógála móra a bhí ar siúl ag LTPDL.

I rith na bliana 2009, tá sé de rún daingean ag TDD aird faoi leith a dhíriú ar an gClár Oideachais agus Traenála agus ar riachtanais laethúla na n-iarrthóirí tearmainn / dídeanaithe óga, iad atá cláraithe mar rannpháirtithe sna cruinnithe "Buail Isteach".

Maidir leis na costais a laghdú, chinn an coiste ar bheartas gníomhach dá réir agus cuirfear an beartas sin i bhfeidhm go dian sa bhliain dár gcionn.

Ní miste a thabhairt faoi deara go bhfuil suntas faoi leith ag baint leis na beartais (2.6. thuas) a chuir SEIE/INIS i bhfeidhm sa bhliain a ghabh tharainn. De bharr na mbeartas nua, is cosúil gur le daoine óga, daoine a bhfuil cead cónaithe bainte amach acu, is mó a bhéas TDD ag roinnt feasta, agus iad tar éis teacht slán ón bpróiseas tearmainn *taobh amuigh* de chathair Átha Cliath. Is cosúil mar sin go mbeidh gá le cláir nua a chabhróidh leis na daoine óga d'fhonn obair a lorg nó a choinneáil, barr feabhais a chur ar na scileanna atá acu chun obair a aimsiú nó, má tá post acu, teacht ar ardú céime de bhíthin an bhreis-oideachais, ceangail chros-phobail a chaomhnú i gcomhar le hÉireannaigh óga agus, go ginearálta, cóimheascadh sa mhórphobal, i riocht is go mbainfí saoránacht na hÉireann amach sa deireadh. Agus, sa cháil sin, tá sé chomh dóigh lena athrú go mbeidh déanamh gnó ag TDD go ceann tréimhse eile fós: agus is cosúil freisin go mbeidh laghdú ar an deachú a bhéas le n-íoc maidir leis an ngnó sin, toisc cead cónaithe a bheith bainte amach ag ár scallamáin óga. Mar sin féin - agus de réir mar a tharla nuair a rinneadh an beartas a athrú san am thart - is deacair pleanáil in aghaidh corra an tsaoil.

3. Admhálacha

Mo bhuíochas ó chroí do gach uile dhuine a chuir ráth ar an obair atá ar láimh againn ar mhaithe leis na daoine óga, agus do na heagraíochtaí agus do na daoine aonair iontu go léir a sheas linn i rith na bliana 2009 and ón gcéad lá dá ndeachaigh muid i gceann oibre i 2001.

I dtosach báire, go raibh míle maith ag na daoine óga uile a thaithíonn an Láthair Buail Isteach agus a cheadaíonn dúinn cairdeas a shnaidhmeadh leo, ba chuma cé acu an t-ádh nó an mí-ádh a bhíos ag rith leo. Is iad a thugann ucht ar an saol le gus agus gaisce, beag beann ar na fálta a chastar orthu ar an mbealach. Is mór againn a misneach, a dtiomantas, a dtreallús agus a gcúirtéis.

Gabhaim buíochas ó chroí do Gerry agus Catherine ag Lárionad Traenála Pobail Dhún Laoghaire (LITPDL) ag Bóthar Eabhrac: murach bhur gcúnamh agus bhur ndea-mhéin, ní bheadh aon rath orainn.

Níor loic Comhpháirtíocht an Chinn Theas (Sandra King and Aileen O'Brien) riamh orainn, d'ainneoin cúrsaí an tsaoil a bheith in anchás ar na saolta seo.

Is iad na Gardaí uile de chuid an Gharda Cheangail Eitnigh i nDún Laoghaire agus i gCábán tSíle a chuidigh go mór linn i gcónaí. Is díol buíochais iad as a ucht.

Tá muid faoi oibleagáid mhór ag Comhairle Contae DLRD (Rebekan Fozzard) agus ag Institiúid na hEalaíne, an Dearaidh agus na Teicneolaíochta (ach a bhuí libh a Phatricia Byrne agus a Jim Divine) mar gheall ar an gcúnamh mór a thug sibh dúinn.

Maidir le cúrsaí dlí, thug Albert Llussa ó Daly Lynch, Crowe agus Morris, Aturnaetha, comhairle den scoth dúinn i gcaitheamh na mblianta.

Is mór atá muid faoi chomaoin ag Comhghuaillíocht Chearta an Linbh/Children's Rights Alliance (ár mbuíochas a Mharia Corbett agus a Ken Reid) agus ag Gréasán na nEaglaisí do Thearmann / Churches Asylum Network (An tSiúir Joan Roddy) a chuidigh go fial linn, mar a rinne SPIRASI freisin.

Is minic a chuir Comhairle Éireann do Theifigh ar bhealach ár leasa muid le heolas cruinn ag freagairt ar ár n-iarratais uile. Tá Joythi Kanics imithe ón gComhairle anois agus beidh caitheamh ina diaidh againn le fada an lá. Thaithíodh sí go rialta na cruinnithe Buail Isteach oíche Luain agus bhain muid leas thar cuimse as a cuid comhairle, eolais agus siosmaide.

Ár mbuíochas don tSiúir Breege Keenan, freisin, ag Lárionad Naomh Uinsionn do Dhídeanaithe.

Thug Thionscnamh Crosscare um Imirce (Richard King agus a chomhghleacaithe), Ruhama, YMCA (Sr. Angier) agus eagraíochtaí nach iad cúnamh dár ndaoine óga agus tá muid faoi chomaoin acu.

Agus níorbh ealaín dúinn gan buíochas a ghabhail do na scoileanna agus na coláistí mar a bhfuil na daoine óga ag déanamh staidéir: ba íontach an cúnamh agus an misneach a thug siad do na scoláirí sin i dtólamh.

Ár mbuíochas ó chroí dár ndeontóirí - idir mór agus beag -, do na daoine aonair, do na gnólachtaí agus na hiontaobhais charthanacha agus na fundúireachta. Is iad siúd a chuireann ar ár gcumas – de bharr a mórchroí agus a bhféile – cuidiú leis na daoine óga, agus oideachas a chur ar fáil dóibh, go háirithe.

Agus ar deireadh thiar, gabhaim buíochas do na saorálaithe uile, a d'oibrigh le fonn agus díocas agus a chuir rath ar obair uile na bliana seo ar mhaithe leis na daoine óga ar chás linn iad. Ar mo shon féin, gabhaim buíochas ó chroí libh as an méid ama a chaitheann sibh linn, as bhur gcaondúthracht, bhur spéis agus bhur gcairdeas.

Nár laga Dia bhúr lámha cúnta.

Mary King,
Cathaoirleach
Aibreán 2010

AGUISÍN

BALLRAÍOCHT IONTAOBHAS AGUS CHOMHALTAS THIONSCNAMH DHÚN LAOGHAIRE UM DHÍDEANAITHE - AGUS SAORÁLAITHE AR AN 31/12/2009

IONTAOBHAITHE	**COISTE**	**CÚRAM**
Mary King	Mary King	Cathaoirleach Iontaobhais 7 TDD*
Liam Ryder	Liam Ryder	Rúnaí Iontaobhais 7 TDD*
Joan Dobbyn	Joan Dobbyn	
Maurice McCann	Maurice McCann	Cisteoir*
Andrew McDonnell	Andrew McDonnell	
	Abrahim Abdul-Wahid	
	Rita Canavan	
	Sara Connington	
	Brian Gallagher	
	(le líonadh)	Rúnaí Miontuairiscí
	Vivienne McCann	
	Bryan MacMahon	
	Aimé Ndarbetse	
*Maidir leis an gcathaoirleach, leis an gcisteoir agus an rúnaí is é an feidhmeannas céanna a dhéanann gach duine acu faoi seach i leith an Iontaobhais agus an Chomhaltais. Is iad na hIontaobhaithe amháin atá freagrach as cúrsaí airgeadais.		
SAORÁLAITHE ('gnáth-bhaill') ag gníomhú faoi choimirce an Tionscnaimh (TDD)	Shanette Buddhai Paulo Chavez Barbara Eustace Phoebe Fraites Joan Gallagher Erik Goodbody David Hicks	Emma Jenkinson Clare Kelly Jonathan Larkin Peggy Lawlor Sr. Bridget Shannon Anthony Wilkie